2025/1265

14.10.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1265 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Iúil 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an modh chun príomhthionscnóir riosca suímh a shainaithint agus chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart dá dtagraítear in Airteagail 94(3), 273a(3) agus 325a(2)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 94(10), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is athróg ionadach atá i méid an ghnó don leibhéal sofaisticiúlachta ba cheart a bheith ag institiúidí ina ríomhanna caipitil. Chun a chinneadh cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear d'institiúidí modhanna simplithe a úsáid chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh rioscaí margaidh agus rioscaí creidmheasa contrapháirtí, ceanglaítear orthu méid an ghnó laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 94(1), Airteagal 273a(1) agus (2), agus Airteagal 325a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Bunriachtanais chun méid an ghnó a ríomh i gceart atá i bpríomhthionscnóir riosca suímh a shainaithint agus, ar an mbonn sin, cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart a chinneadh. I bhfianaise thábhacht na ríomhanna sin d'institiúidí beaga neamhchasta, an modh chun príomhthionscnóir riosca suímh a shainaithint agus chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart, ba cheart é a bheith comhréireach le leibhéal castachta na hinstitiúide.

(2) An modh chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart, ba cheart é a bheith comhsheasmhach leis an modh chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart i gcás idirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 277(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 ([2]) ón gCoimisiún.

(3) Chun torthaí cruinne a bhaint amach, ba cheart an modh chun príomhthionscnóir riosca suímh neamhdhíorthaigh a shainaithint a bheith bunaithe ar na híogaireachtaí deilte atá ualaithe ó thaobh riosca i leith fachtóirí riosca a ríomh, mar a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Ranna 2, 3 agus 6 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ina theannta sin, chun comhsheasmhacht an chur chuige a áirithiú, ba cheart an modh chun príomhthionscnóir riosca suímh a shainaithint a bheith comhsheasmhach leis an modh chun an príomhthionscnóir riosca agus an tionscnóir riosca is ábhartha in idirbhearta díorthacha a shainaithint, ar modh é a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931.

(4) An modh chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart, ba cheart é a bheith bunaithe ar an íogaireacht deilte atá ualaithe ó thaobh riosca i leith an phríomhthionscnóra riosca a ríomh. I gcás nach bhfuil institiúidí in ann an íogaireacht deilte atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, ba cheart dóibh an íogaireacht sin a chinneadh trí mheasúnú a dhéanamh ar chuspóir trádála nó fálaithe an idirbhirt.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 ón gCoimisiún an 1 Márta 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an modh chun idirbhearta díorthach ag a bhfuil tionscnóir riosca ábhartha amháin nó níos mó a shainaithint chun críocha Airteagal 277(5), an fhoirmle chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis a ríomh agus an modh chun a chinneadh an suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhthionscnóir riosca nó sa tionscnóir riosca is ábhartha sa chatagóir riosca ar leith chun críocha Airteagal 279a(3)(a) agus (b) sa chur chuige caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa an chontrapháirtí (IO L 204, 10.6.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/931/oj).

(5) Is gá cur chuige simplithe a leagan síos d'institiúidí beaga neamhchasta a bhféadfadh sé nach mbeidís in ann na híogaireachtaí deilte atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, nó a bhféadfadh sé nach mbeidís in ann úsáid a bhaint as na modhanna chun an príomhthionscnóir riosca agus an tionscnóir riosca is ábhartha in idirbhearta díorthacha a shainaithint, ar modhanna iad a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931. Ba cheart an cur chuige simplithe sin a bheith oiriúnach do na hionstraimí a bhíonn á dtrádáil ag institiúidí beaga neamhchasta de ghnáth. Ba cheart an deis a bheith ag institiúidí móra an cur chuige simplithe sin a úsáid freisin i gcás ina mbíonn ionstraimí simplí á dtrádáil acu a áirítear i raon feidhme an chur chuige shimplithe sin.

(6) Ba cheart torthaí atá comhsheasmhach leis an gcur chuige íogaireachtaí deilte atá ualaithe ó thaobh riosca a bheith mar thoradh ar an gcur chuige simplithe. Mar sin féin, ba cheart toimhdí simpliúcháin a thabhairt isteach chun an t-ualach ríomhaireachtúil agus oibríochtúil ar institiúidí a laghdú, go háirithe maidir le hionstraimí arna n-ainmniú in airgeadra atá éagsúil le hairgeadra tuairiscithe na hinstitiúide. Chuige sin, ba cheart cead a bheith ag institiúidí neamhaird a thabhairt, agus an príomhthionscnóir riosca á chinneadh acu, ar an spotráta malairte idir an t-airgeadra ina bhfuil an ionstraim ainmnithe agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide le haghaidh stoc, bannaí agus idirbhearta díorthacha a leithdháilfí a mbunionstraim de ghnáth ar na catagóirí riosca ráta úis, creidmheasa, cothromais nó tráchtearraí.

(7) Níor cheart suíomhanna airgid san airgeadra tuairiscithe a chur san áireamh agus méid an ghnó á chinneadh, ós rud é nach n-athraíonn siad a margadhluach faoi thionchar athruithe ar thionscnóirí riosca.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(9) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Modh chun na príomhthionscnóirí riosca a shainaithint i dtaca le suíomh neamhdhíorthach

1. Agus príomhthionscnóir riosca á shainaithint i dtaca le suíomh neamhdhíorthach a shanntar don leabhar trádála, sainaithneoidh institiúidí ar dtús fachtóirí riosca uile an tsuímh sin arb iad príomhchinntithigh an athraithe ar a luach iad. Déanfaidh siad amhlaidh trí mheasúnú a dhéanamh ar na fachtóirí riosca dá dtagraítear in Airteagail 325l go 325q de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar a laghad. Is iad tionscnóirí riosca an tsuímh na fachtóirí riosca a shainaithníonn na hinstitiúidí.

2. Institiúidí nár shainaithin, i gcomhréir le mír 1, ach tionscnóir riosca amháin i dtaca le suíomh neamhdhíorthach a shanntar don leabhar trádála, glacfaidh siad an tionscnóir riosca sin mar phríomhthionscnóir riosca an tsuímh sin.

3. Institiúidí a shainaithin, i gcomhréir le mír 1, níos mó ná tionscnóir riosca amháin i dtaca le suíomh neamhdhíorthach a shanntar don leabhar trádála, sainaithneoidh siad príomhthionscnóir riosca an tsuímh sin trí na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord seo a leanas:

(a) ríomhfaidh institiúidí na híogaireachtaí riosca deilte i gcomhréir le hAirteagail 325r agus 325t de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le gach tionscnóir riosca a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo;

(b) ríomhfaidh institiúidí na híogaireachtaí ualaithe i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 325f(6) den Rialachán sin, agus úsáid á baint as na híogaireachtaí a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo;

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

(c) sainaithneoidh institiúidí an príomhthionscnóir riosca mar an tionscnóir riosca a chomhfhreagraíonn don luach absalóideach is airde as measc na n-íogaireachtaí ualaithe a ríomhtar i gcomhréir le pointe (b) den mhír seo.

Airteagal 2

Modh chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart neamhdhíorthach ina phríomhthionscnóir riosca

Agus cinneadh á dhéanamh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart neamhdhíorthach ina phríomhthionscnóir riosca dá dtagraítear in Airteagal 94(3) agus Airteagal 325a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh institiúidí ceachtar de na modhanna seo a leanas i bhfeidhm:

(a) íogaireacht riosca deilte an phríomhthionscnóra riosca a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325r de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an t-idirbheart a shainaithint mar a leanas:

(i) suíomh fada ó thaobh an tionscnóra riosca sin de i gcás ina bhfuil an íogaireacht riosca deilte chomhfhreagrach deimhneach; nó

(ii) suíomh gearr ó thaobh an tionscnóra riosca sin de i gcás ina bhfuil an íogaireacht riosca deilte chomhfhreagrach diúltach;

(b) measúnú a dhéanamh ar spleáchas luach an tsuímh ar an bpríomhthionscnóir riosca trí chuspóir trádála nó fálaithe an idirbhirt a mheas i ndáil leis an tionscnóir riosca sin agus an t-idirbheart a shainaithint mar shuíomh fada nó mar shuíomh gearr ina phríomhthionscnóir riosca ar bhonn an mheasúnaithe sin.

Airteagal 3

Modh simplithe chun an príomhthionscnóir riosca a shainaithint i dtaca le suíomh neamhdhíorthach agus chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart neamhdhíorthach ina phríomhthionscnóir riosca

1. De mhaolú ar Airteagail 1 agus 2, féadfaidh institiúidí an príomhthionscnóir riosca i dtaca leis na suíomhanna neamhdhíorthacha dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 den Airteagal seo a shainaithint agus féadfaidh siad a chinneadh cé acu suíomhanna fada nó suíomhanna gearra atá sna suíomhanna sin sa phríomhthionscnóir riosca trí na cineálacha cur chuige a leagtar amach sna míreanna sin a chur i bhfeidhm.

2. I gcás bannaí arb é atá iontu ionstraimí fiachais ráta sheasta gan gnéithe roghnaíochta, úsáidfidh institiúidí an cur chuige seo a leanas:

(a) sainaithneoidh institiúidí an príomhthionscnóir riosca de réir chéim cáilíochta creidmheasa agus earnáil an bhanna dá dtagraítear in Airteagal 325ah de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus de réir aibíocht iarmharach an bhanna, ar bhonn ceachtar díobh seo a leanas:

(i) Tábla 1 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás nach bhfuil sreabha airgid an bhanna ag brath go feidhmeach ar rátaí boilscithe;

(ii) Tábla 2 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás ina bhfuil sreabha airgid an bhanna ag brath go feidhmeach ar rátaí boilscithe;

(b) i gcás inarb é an príomhthionscnóir riosca a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo an ráta saor ó riosca, beidh an príomhthionscnóir riosca sin san airgeadra ina bhfuil an banna ainmnithe agus le ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325l(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna roghnú chun aibíocht an bhanna a mheaitseáil chomh gar agus is féidir;

(c) i gcás inarb é an príomhthionscnóir riosca a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo ráta um raon difríochta creidmheasa an eisitheora, is éard a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca sin raon difríochta creidmheasa eisitheoir an bhanna le ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325m(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna roghnú chun aibíocht an bhanna a mheaitseáil chomh gar agus is féidir;

(d) cinnfidh institiúidí cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá i suíomh ina phríomhthionscnóir riosca ar bhonn na nithe seo a leanas:

(i) i gcás inarb é an príomhthionscnóir riosca a shainaithnítear faoi phointí (a), (b) agus (c) den mhír seo an ráta saor ó riosca nó ráta um raon difríochta creidmheasa an eisitheora, suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina ndíoltar an banna, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina gceannaítear an banna;

(ii) i gcás inarb é an príomhthionscnóir riosca a shainaithnítear faoi phointí (a), (b) agus (c) den mhír seo an ráta boilscithe, suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an banna, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an banna.

3. I gcás bannaí arb é atá iontu ionstraimí fiachais ráta chomhlúthaigh gan gnéithe roghnaíochta, úsáidfidh institiúidí an cur chuige a leagtar amach i mír 2. I gcás inarb é an príomhthionscnóir riosca a shainaithnítear i gcomhréir le mír 2, pointe (a), an ráta saor ó riosca agus ina bhfuil aibíocht iarmharach an bhanna níos airde ná bliain amháin, is éard a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca ina áit sin ráta um raon difríochta creidmheasa an eisitheora, arna chinneadh i gcomhréir le mír 2, pointe (c).

4. I gcás suíomh stoic, is éard a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca an spotphraghas cothromais.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an stoc, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an stoc.

5. I gcás suíomh airgid in airgeadra atá difriúil le hairgeadra tuairiscithe na hinstitiúide, is éard a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca an spotráta malairte idir airgeadra an tsuímh airgid sin agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás inar mír shócmhainne é an suíomh airgid, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás inar mír dhliteanais é.

6. I gcás suíomhanna i dtráchtearra fisiceach, is éard a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca an spotphraghas tráchtearraí a chomhfhreagraíonn do chineál tráchtearra an tsuímh.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás inar mír shócmhainne é an tráchtearra fisiceach, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás inar mír dhliteanais é.

7. I gcás suíomh i ngnóthas comhinfheistíochta (GC), is éard a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca an fachtóir riosca a chomhfhreagraíonn don GC sin sa bhuicéad 'earnáil eile' i dTábla 8 d'Airteagal 325ap(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear scaireanna nó aonaid sa ghnóthas comhinfheistíochta, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar scaireanna nó aonaid sa ghnóthas comhinfheistíochta.

8. I gcás suíomh in idirbheart athcheannaigh ina n-aistríonn an institiúid nó a contrapháirtí urrúis dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, is éard a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca an ráta úis ghinearálta comhfhreagrach nó an ráta athcheannaigh cothromais comhfhreagrach.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina bhfuil an t-idirbheart athcheannaigh á rialú ag comhaontú athcheannaigh, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina bhfuil an t-idirbheart athcheannaigh á rialú ag comhaontú athcheannaigh droim ar ais.

Airteagal 4

Modh chun na príomhthionscnóirí riosca a shainaithint i dtaca le suíomh díorthach

1. Agus an príomhthionscnóir riosca á shainaithint ag institiúidí i dtaca le suíomh díorthach, déanfaidh siad an méid seo a leanas a shainaithint ar dtús:

(a) tionscnóirí riosca uile an idirbhirt, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931;

(b) cé acu atá tionscnóir riosca ábhartha amháin nó níos mó ná tionscnóir riosca ábhartha amháin ag an idirbheart, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Rialachán Tarmligthe sin;

(c) tionscnóirí riosca ábhartha an idirbhirt agus an tionscnóir riosca is ábhartha de na tionscnóirí riosca sin, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán Tarmligthe sin.

2. Institiúidí a shainaithin, i gcomhréir le mír 1, idirbheart díorthach nach bhfuil ach tionscnóir riosca ábhartha amháin aige, is é an tionscnóir riosca sin a bheidh ina phríomhthionscnóir riosca acu.

3. Institiúidí a shainaithin, i gcomhréir le mír 1, idirbheart díorthach ag a bhfuil níos mó ná tionscnóir riosca ábhartha amháin nach mbaineann ach le catagóir riosca amháin dá dtagraítear in Airteagal 277(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is éard a bheidh ina phríomhthionscnóir riosca acu an tionscnóir riosca is ábhartha sa chatagóir riosca sin.

4. Institiúidí a shainaithin, i gcomhréir le mír 1, idirbheart díorthach ag a bhfuil níos mó ná tionscnóir riosca ábhartha amháin a bhaineann le dhá chatagóir riosca nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 277(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sainaithneoidh siad an príomhthionscnóir riosca trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna seo a leanas:

(a) i gcás inar shainaithin institiúidí tionscnóirí riosca ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 4(2) nó le hAirteagal 4(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931, is é an tionscnóir riosca is ábhartha a chomhfhreagraíonn d'fhorlíontán na catagóire riosca is airde as measc na gceann sin dá dtagraítear in Airteagail 280a go 280f de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca;

(b) i gcás inar shainaithin institiúidí tionscnóirí riosca ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931, is é an tionscnóir riosca is ábhartha a chomhfhreagraíonn don luach absalóideach is airde as measc na n-íogaireachtaí ualaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(3), pointe (b), den Rialachán Tarmligthe sin a bheidh sa phríomhthionscnóir riosca.

5. Institiúid a chuireann ceann de na modhanna a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 i bhfeidhm chun luach neamhchosanta idirbhirt díorthach ar leith a ríomh, úsáidfidh sí an modh céanna chun príomhthionscnóir riosca an idirbhirt sin a shainaithint.

Airteagal 5

Modh chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart díorthach ina phríomhthionscnóir riosca

Agus cinneadh á dhéanamh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart díorthach ina phríomhthionscnóir riosca dá dtagraítear in Airteagal 94(3), Airteagal 273a(3) agus Airteagal 325a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh institiúidí ceachtar de na modhanna a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 i bhfeidhm maidir le príomhthionscnóir riosca an idirbhirt.

Airteagal 6

Modh simplithe chun an príomhthionscnóir riosca a shainaithint i dtaca le suíomh díorthach agus chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá in idirbheart díorthach ina phríomhthionscnóir riosca

1. De mhaolú ar Airteagail 4 agus 5, féadfaidh institiúidí an príomhthionscnóir riosca i dtaca le suíomh díorthach dá dtagraítear i míreanna 2 go 17 den Airteagal seo a shainaithint agus féadfaidh siad a chinneadh cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá sa suíomh sin ina phríomhthionscnóir riosca trí na cineálacha cur chuige a leagtar amach sna míreanna sin a chur i bhfeidhm.

2. I gcás todhchaíochtaí nó conarthaí réamhcheaptha ar stoic nó ar innéacsanna stoic, sainaithneoidh institiúidí gurb é an spotphraghas cothromais nó an spotphraghas innéacs, faoi seach, an príomhthionscnóir riosca.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear na todhchaíochtaí nó na conarthaí réamhcheaptha, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar iad.

3. Maidir le comhaontuithe ar réamhráta (FRAnna) i gcás ina bhfaigheann contrapháirtí amháin ús de réir ráta chomhlúthaigh agus ina n-íocann sé ráta seasta úis, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an ráta saor ó riosca a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an t-airgeadra dá dtagraítear sa chomhaontú ar réamhráta;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325l(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht an chomhaontaithe ar réamhráta a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina n-íocann an institiúid ráta seasta úis, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina bhfaigheann an institiúid ráta seasta úis.

4. Maidir le todhchaíochtaí nó conarthaí réamhcheaptha ar bhannaí arb é atá iontu ionstraimí fiachais ráta sheasta nó ráta chomhlúthaigh gan gnéithe roghnaíochta, cinnfidh institiúidí cé acu a cheannaítear nó a dhíoltar an banna faoin todhchaíochtaí nó faoin gconradh réamhcheaptha agus, ar an mbonn sin, sainaithneoidh siad an príomhthionscnóir riosca agus cinnfidh siad cé acu suíomh fada nó suíomh gearr atá sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca trí na modhanna a leagtar amach in Airteagal 3(2) nó (3), faoi seach, a chur i bhfeidhm maidir leis an ionstraim fiachais fholuiteach ráta sheasta nó ráta chomhlúthaigh.

5. I gcás todhchaíochtaí nó conarthaí réamhcheaptha ar mhalartuithe idir airgeadra eachtrach agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an spotráta malairte idir an t-airgeadra eachtrach agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an t-airgeadra eachtrach, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an t-airgeadra eachtrach.

6. I gcás todhchaíochtaí nó conarthaí réamhcheaptha ar thráchtearraí, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an spotphraghas tráchtearraí a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an cineál tráchtearra a shonraítear sna todhchaíochtaí nó sa chonradh réamhcheaptha;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325p(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht na dtodhchaíochtaí nó na gconarthaí réamhcheaptha a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear na tráchtearraí, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar iad.

7. I gcás céadroghanna loma ar cheannach nó ar dhíol a bhfuil sócmhainn fholuiteach aonair nó innéacs stoic acu, sainaithneoidh institiúidí gurb é an spotphraghas cothromais nó an spotphraghas innéacs, faoi seach, an príomhthionscnóir riosca.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar cheannach, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar cheannach. Suíomh fada a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar dhíol, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar dhíol.

8. I gcás céadroghanna loma ar cheannach nó ar dhíol a bhfuil banna foluiteach aonair acu arb é atá annionstraim fiachais ráta sheasta, sainaithneoidh institiúidí an príomhthionscnóir riosca tríd an modh a leagtar amach in Airteagal 3(2) a chur i bhfeidhm maidir leis an mbanna foluiteach.

I gcás inarb é an ráta saor ó riosca nó ráta um raon difríochta creidmheasa an eisitheora an príomhthionscnóir riosca arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 3(2), pointí (a), (b) agus (c), suíomh gearr a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar cheannach, agus suíomh fada a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar cheannach, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar dhíol, agus suíomh fada a bheidh sa suíomh i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar dhíol.

I gcás inarb é an ráta boilscithe an príomhthionscnóir riosca arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 3(2), pointí (a), (b) agus (c), suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar cheannach, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar cheannach, agus suíomh fada a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar dhíol, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar dhíol.

9. I gcás roghtálacha loma, sainaithneoidh institiúidí an príomhthionscnóir riosca tríd an modh a leagtar amach i mír 15 a chur i bhfeidhm maidir leis an mbabhtáil ráta úis fholuiteach.

I gcás ina dtugtar an ceart leis an roghtáil babhtáil ráta úis a dhéanamh ina bhfaigheann sealbhóir na céadrogha ús de réir ráta chomhlúthaigh agus ina n-íocann sé ráta seasta úis, suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás inar cheannaigh an institiúid an roghtáil, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás inar dhíol an institiúid an roghtáil.

I gcás ina dtugtar an ceart leis an roghtáil babhtáil ráta úis a dhéanamh ina n-íocann sealbhóir na céadrogha ús de réir ráta chomhlúthaigh agus ina bhfaigheann sé ráta seasta úis, suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás inar dhíol an institiúid an roghtáil, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás inar cheannaigh an institiúid an roghtáil.

10. I gcás uasteorainneacha agus íosrátaí, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an ráta saor ó riosca a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an t-airgeadra dá dtagraítear san uasteorainn nó san íosráta;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325l(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht na huasteorann nó an íosráta a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an uasteorainn, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an uasteorainn. Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina ndíoltar an t-íosráta, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina gceannaítear an t-íosráta.

11. I gcás céadroghanna loma ar cheannach nó ar dhíol a bhfuil tráchtearra foluiteach aonair acu, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an spotphraghas tráchtearraí a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an cineál tráchtearra a shonraítear sa chonradh céadrogha;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325p(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht na céadrogha a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar cheannach, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar cheannach. Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina ndíoltar an chéadrogha ar dhíol, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina gceannaítear an chéadrogha ar dhíol.

12. I gcás céadroghanna airgeadra loma, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an spotráta malairte idir an t-airgeadra eachtrach agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an t-airgeadra eachtrach, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an t-airgeadra eachtrach.

13. I gcás babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca ráta um raon difríochta creidmheasa an eisitheora a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an t-eisitheoir dá dtagraítear sa chonradh babhtála;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325m(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht na babhtála a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an chosaint, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chosaint.

14. I gcás babhtálacha mainneachtana creidmheasa innéacs, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an ráta um raon difríochta creidmheasa a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an t-innéacs creidmheasa dá dtagraítear sa chonradh babhtála;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325m(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht na babhtála a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina gceannaítear an chosaint, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina ndíoltar an chosaint.

15. Maidir le babhtálacha ráta úis i gcás ina bhfaigheann contrapháirtí amháin ús de réir ráta chomhlúthaigh agus ina n-íocann sé ráta seasta úis, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an ráta saor ó riosca a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an t-airgeadra dá dtagraítear sa chonradh babhtála;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325l(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht na babhtála a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina n-íocann an institiúid ráta seasta úis, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina bhfaigheann an institiúid ráta seasta úis.

16. I gcás babhtálacha cothromais ina bhfaigheann contrapháirtí amháin an toradh ar stoc nó ar innéacs stoic agus ina n-íocann sé ráta seasta úis nó ús de réir ráta chomhlúthaigh, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an spotphraghas cothromais nó an spotphraghas innéacs, faoi seach.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina bhfaigheann an institiúid an toradh ar an stoc nó ar an innéacs stoic, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina n-íocann an institiúid an toradh ar stoc nó ar innéacs stoic.

17. I gcás babhtálacha tráchtearraí ina bhfaigheann contrapháirtí amháin sreabha airgid bunaithe ar phraghas tráchtearra fholuitigh agus ina n-íocann sé ráta seasta úis nó ús de réir ráta chomhlúthaigh, sainaithneoidh institiúidí gurb é an príomhthionscnóir riosca an spotphraghas tráchtearraí a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:

(a) an cineál tráchtearra a shonraítear sa chonradh babhtála;

(b) ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 325p(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a roghnaíodh chun aibíocht na babhtála a mheaitseáil chomh gar agus is féidir.

Suíomh fada a bheidh sa suíomh ina phríomhthionscnóir riosca i gcás ina bhfaigheann an institiúid na sreabha airgid bunaithe ar phraghas tráchtearra fholuitigh, agus suíomh gearr a bheidh sa suíomh i gcás ina n-íocann an institiúid na sreabha airgid bunaithe ar phraghas tráchtearra fholuitigh.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
